

Sláinte agus Cúram Sóisialta

Teastas Dúbailte

Treoir don Dalta GCE

Trí staidéar a dhéanamh ar Chúram Sláinte agus Sóisialta GCE, gheobhaidh tú eolas agus tuiscint ar na hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta. Cuirfidh tú fosta le do thuiscint ar na saincheistanna a théann i bhfeidhm ar na hearnálacha seo. Is ábhar feidhmeach le dearcadh níos gairmiúla é seo agus mar sin de, is féidir go mbeidh deis agat rochtain a fháil ar sheirbhís a bhaineann le sláinte, cúram sóisialta nó na luathbhlianta amhail otharlann, teach cúraim, ionad lae, naiscoil nó bunscoil le heolas pearsanta, tuiscint agus taithí a fháil ar shuíomh cúraim a reáchtáil ó lá go lá. Beidh solúbthacht agat leis an rogha d'aonaid roghnacha agus deis agat le cur le do chuid eolais.

Cad chuige a ndéanfá staidéar ar Shláinte agus Cúram Sóisialta?

Is ábhar spreagúil, ábhartha, suimiúil é Sláinte agus Cúram Sóisialta. Is fostóirí móra i dTuaisceart Éireann iad na hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta. Tríd an ábhar seo a roghnú, beidh deis agat staidéar a dhéanamh ar réimse mór ábhar ar a n-áirítear cumarsáid, polasaí sóisialta, cur chun cinn na sláinte, fiseolaíocht agus síceolaíocht. Má tá suim agat i sláinte nó i bhfolláine nó más maith leat dul le gairm sna gairmeacha cúraim, forbróidh tú eolas agus tuiscint san ábhar seo atá ábhartha do chéimeanna san altranas, sna gairmeacha bainteacha sláinte, sna heolaíochtaí sóisialta, i bpolasaí sóisialta, obair shóisialta agus sna luathbhlianta. Beidh deiseanna agat scileanna luachmhara a fhorbairt amhail, taighde, anailís, cumarsáid, ag obair le daoine eile, foghlaim neamhspleách, smaointeoireacht chruthaitheach agus fadhbréiteach.

Tá cothromaíocht mhaith idir aonaid a ndéantar measúnú orthu go seachtrach (scrúduithe) agus aonaid a ndéantar measúnú orthu go hinmheánach (portfóiliónna) a chuirfidh ar do chumas obair a phleanáil go héifeachtach agus monatóireacht a dhéanamh go rialta ar an dul chun cinn atá déanta agat. Is féidir go gcuideodh sé seo leat a bheith ag obair níos éifeachtúla agus barr do chumais a bhaint amach san ábhar seo.


Má leanann tú ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal trí staidéar a dhéanamh ar Chúram Sláinte agus Sóisialta, beidh tú in ann ardscileanna staidéir a fhorbairt a ullmhóidh thú leis an aistriú a dhéanamh. Forbróidh tú fosta scileanna agus luachanna d'fhostaíocht sna hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta.



Sláinte agus Cúram Sóisialta

Teastas Dúbailte

Treoir don Dalta GCE



Ní mór duit 12 aonad a chomhlánú. Tá na haonaid AS 1, 2, 3, 4 agus 6 éigeantach agus ní mór duit aonad eile AS a chomhlánú, aonad 5 nó aonad 7.

Ní mór duit na haonaid A2 1, 2, 3, 4 agus 5 a chomhlánú ag A2 agus aonad amháin eile a ndéantar measúnú air go seachtrach, aonad 6 nó aonad 7.

Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1: Cúram d'Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn (Éigeantach)	San aonad seo beidh ort tuairisc a scríobh ar shuíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta a bhfuil taithí agat air. Déanfaidh tú imscrúdú ar an dóigh a gcuireann oibrithe cúraim luachanna an chúraim i bhfeidhm ar úsáideoirí seirbhíse ar bhonn laethúil. Forbróidh tú fosta tuiscint ar an dóigh a dtéann reachtaíocht i bhfeidhm ar chaighdeán an chúraim a chuirtear ar fáil sa tsuíomh. Díríonn an t-aonad seo ar pholasaithe fosta agus déanfaidh tú luacháil ar éifeachtacht na bpolasaithe maidir le cúram d'ardchaighdeán a chur chun cinn sa tsuíomh atá roghnaithe agat. Sa chuid dheireanach den aonad caithfidh tú taighde a dhéanamh ar shampla de dhroch-chleachtas i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta agus an tionchar atá aige ar úsáideoirí seirbhíse agus ar dhaoine eile a mheasúnú.
AS 2: An Chumarsáid i Suíomhanna Sláinte, Cúram Sóisialta, agus Luathbhlianta (Éigeantach)	San aonad seo ní mór duit fiosrú a dhéanamh ar na scileanna cumarsáide a chonacthas i suíomh sláinte nó cúram sóisialta nó luathbhlianta agus tuairisc a scríobh orthu. Forbróidh tú do chuid eolais ar na cineálacha difriúla cumarsáide atá in úsáid sna suíomhanna seo agus an fheidhm atá leo. Déanfaidh tú staidéar san aonad seo fosta ar an dóigh a bhféadfaí réimse de thosca tacaíocht a thabhairt do chumarsáid éifeachtach le húsáideoirí seirbhíse. Beidh deis agat imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí bacainní ar chumarsáid le húsáideoirí seirbhíse a shárú. Díríonn an t-aonad fosta ar thábhacht na cumarsáide nuair atáthar ag obair i bhfoirne. Comhlánóidh tú breithmheas criticiúil ar na scileanna cumarsáide a d'úsáid tú in idirghníomhaíocht sa tsuíomh a roghnaigh tú.
AS 3: Sláinte agus Folláine (Éigeantach)	San aonad seo le scrúdú, foghlaimeoidh tú faoi eochairchoincheapa na sláinte agus na folláine agus tionchar na drochshláinte ar dhaoine aonair. Forbróidh tú eolas fosta ar na riachtanais atá ag réimse d'úsáideoirí seirbhíse. Beidh deis agat imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh raon tosca dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine. San aonad seo déanfaidh tú staidéar ar na cineálacha éagsúla de chur chuige a úsáidtear maidir le cur chun cinn na sláinte agus beidh tuiscint agat ar an dóigh a dtig le daoine a bheith freagrach as a sláinte agus a bhfolláine féin. Cuireann roinnt eagraíochtaí le sláinte agus folláine agus gheobhaidh tú deis san aonad seo le himscrúdú a dhéanamh ar a ról. Forbrófar do thuiscint ar thionchar an leithcheala ar shláinte agus ar fholláine agus forbrófar do chuid eolais ar an dóigh a bhféadfaí cleachtas in aghaidh an leithcheala a chur chun cinn i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta.
AS 4: Páistí a Chumhdach (Éigeantach)	Cuireann an t-aonad seo réamheolas ar fáil duit faoi na saincheisteanna deacra agus íogaire a bhaineann le cosaint páistí. Foghlaimeoidh tú faoi pháistí a chosaint agus a chumhdach i suíomhanna luathbhlianta. Foghlaimeoidh tú fosta faoi fhorbairt fhisiceach, intleachtach, mhothúchánach agus shóisialta páistí. Caithfidh tú áis eolais a tháirgeadh don fhoireann i suíomh luathbhlianta ina bhfuil breac-chuntas ar na cineálacha mí-úsáide agus ina bpléifidh tú freagrachtaí na foirne maidir le cumhdach páistí.

Sláinte agus Cúram Sóisialta

Teastas Dúbailte

Treoir don Dalta GCE




Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 5: Úsáideoirí Fasta Seirbhísí	San aonad seo le scrúdú foghlaimeoidh tú faoi na riachtanais atá ag réimse úsáideoirí seirbhíse, mar shampla, daoine atá níos aosta nó iad siúd a bhfuil míchumais fhisiceacha, fadhbanna meabhairshláinte nó míchumais foghlama orthu. Forbróidh tú fosta do chuid eolais ar an réimse leathan de sheirbhísí atá ar fáil le freastal ar na riachtanais seo agus do thuiscint ar ról na gcleachtóirí a oibríonn sna seirbhísí seo. San aonad seo caithfidh tú imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar seirbhísí a phleanáil ó pholasaí rialtais go dtí timthriall pleanála an chúraim.
AS 6: Teiripí Iomlánaíochta (Éigeantach)	Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo imscrúdú a dhéanamh ar an chur chuige iomlánaíoch le riochtaí éagsúla leighis a bhainistiú. Déanfaidh tú taighde ar réimse de theiripí iomlánaíochta, mar shampla, reifléacseolaíocht, snáthaidpholladh, teiripe datha agus iad seo a chur i gcomparáid le cóireálacha leighis. Beidh deis agat fosta foinsí príomhúla a úsáid le taighde a dhéanamh ar na treochothaí reatha maidir le teiripí iomlánaíochta a úsáid agus a n-éifeachtacht san earnáil sláinte agus cúram sóisialta. Caithfidh tú tuairisc a dhéanamh fosta san aonad seo ina bhfuil cur síos ar úsáid na dteiripí iomlánaíochta i suíomh sláinte nó cúram sóisialta amhail teach cúraim, ospis, aonad máithreachais nó otharlann.
AS 7: Fiseolaíocht na Sláinte agus na Breoiteachta a Thuiscint	San aonad seo le scrúdú, forbróidh tú do chuid eolais agus do thuiscint ar an fhiseolaíocht atá ag roinnt de na príomhchórais choirp. Foghlaimeoidh tú fosta an dóigh a bhféadfadh réimse de neamhoird a bhaineann le córais an choirp amhail scléaróis iolrach, stróc, diaibéiteas, nó paincréitíteas tionchar a imirt ar obair, ioncam, fóillíocht, aiste bia, oideachas agus caidrimh an duine aonair.
A2 1: Taighde Feidhmeach (Éigeantach)	Cuirfidh tú tuairisc scríofa ar fáil san aonad seo ar thaighde a dhear tú agus a rinne tú ar thopaic a bhaineann le sláinte, cúram sóisialta nó na luathbhlianta. Foghlaimeoidh tú an dóigh le léirmheas litríochta a dhéanamh agus caithfidh tú taighde príomhúil a dhéanamh leis na sonraí atá de dhíth a bhailiú. Forbróidh tú scileanna láimhseála sonraí agus scileanna anailíseacha agus tú ag cur torthaí do thaighde i láthair agus ag déanamh anailíse orthu, leis an aonad seo a chomhlánú. Scríobhfaidh tú tuairisc taighde ag úsáid formáid thraidisiúnta de thuairisc taighde a bheas ina tairbhe mhór duit má tá tú ag dúil le dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal.
A2 2: Córais Choirp agus Neamhoird Fhiseolaíochta (Éigeantach)	Déanfaidh tú scrúdú ar an chóras imshruthaithe agus an córas riospráide. Déanfaidh tú gníomhaíochtaí praiticiúla fosta agus tú ag déanamh monatóireachta ar na córais imshruthaithe agus riospráide atá ag beirt daoine agus ag taifeadadh na sonraí a bailíodh agus ag déanamh anailíse orthu. Déanfaidh tú taighde fosta ar neamhord fiseolaíoch agus tuairisc a scríobh air ina bhfuil cur síos ar na modhanna a úsáidtear leis an neamhord a dhiagnóisiú, agus ina bpléifidh tú na cóireálacha atá ar fáil, na conairí cúraim agus na cleachtóirí atá bainteach leis. Déanfaidh tú anailís fosta ar thionchair fhéideartha an neamhoird ar dhaoine aonair.

Sláinte agus Cúram Sóisialta

Teastas Dúbailte

Treoir don Dalta GCE




Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
A2 3: Seirbhísí a Sholáthar (Éigeantach)	Cuirtear léargas ar fáil duit ar sholáthar seirbhísí san earnáil sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta san aonad seo le scrúdú atá bunaithe ar ábhar réamheisiúna. Foghlaimíonn tú faoin dóigh ar fhorbair seirbhísí agus an dóigh a ndéantar iad a struchtúrú, a rialú agus a mhaoiniú. Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo le scrúdú a dhéanamh ar an dóigh a dtéann polasaí agus reachtaíocht i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí cúraim. San aonad seo, forbróidh tú tuiscint ar na riachtanais atá ag grúpaí éagsúla úsáideoirí seirbhísí agus ar an dóigh a bhféadfaí réimse seirbhísí agus cleachtóirí freastal ar na riachtanais seo.
A2 4: Cur Chun Cinn na Sláinte (Éigeantach)	Déanfaidh tú tuairisc aonair san aonad seo ar thosaíochtaí feabhsaithe sláinte Thuaisceart Éireann agus ar fheachtas reatha um chur chun cinn na sláinte. Is féidir leat bheith ag obair leat féin nó mar chuid de ghrúpa le gníomhaíocht um chur chun cinn na sláinte a phleanáil agus a dhéanamh i suíomh amhail scoil, ionad cónaithe nó i naiscoil. Ba cheart go mbainfeadh do ghníomhaíocht úsáid as cur chuige amháin um chur chun cinn na sláinte agus thig leat úsáid a bhaint as ábhair um chur chun cinn na sláinte atá ann cheana féin. Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo le hobair mar chuid d'fhoireann agus le forbairt a dhéanamh ar do scileanna cumarsáide. Déanfaidh tú tuairisc aonair ar an ghníomhaíocht.
A2 5: Tacaíocht a thabhairt don Teaghlach (Éigeantach)	Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo machnamh a dhéanamh ar struchtúir theaghlaigh atá ag athrú i sochaí na linne seo. Forbróidh tú fosta tuiscint ar réimse tosca a théann i bhfeidhm ar shaol an teaghlaigh agus déanfaidh tú imscrúdú ar na seirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh agus ar an tacaíocht a chuireann siad ar fáil. Caithfidh tú athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir theaghlaigh agus cás-staidéar ar theaghlach a dhéanamh le haghaidh measúnú san aonad seo. Caithfidh tú fosta tuairisc a dhéanamh a dhíríonn ar an tacaíocht atá ar fáil do theaghlaigh a bhfuil saincheistean acu amhail an bhochtaineacht, andúil, méala nó ciníochas.
A2 6: Iompraíocht Dhaonna a Thuiscint	Forbraíonn tú tuiscint ar iompraíocht daoine aonair san aonad seo le scrúdú. Foghlaimíonn tú faoi na príomhdhearthaí síceolaíocha, nó na dóigheanna atá ann le hamharc ar iompraíocht dhaonna. Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo fosta foghlaim faoin dóigh a bhféadfaí tosca amhail inscne, bochtaineacht, aicme shóisialta, na meáin, nó oideachas cur le dúlagar, ionsaitheacht, strus, neamhoird itheacháin agus fóibí.
A2 7: Cothú agus Sláinte an Duine	Tugtar faill duit san aonad seo le scrúdú, fiosrú a dhéanamh ar an ghaolmhaireacht idir aiste bia agus sláinte. Foghlaimíonn tú faoi na cothaithe i mbia agus a bhfeidhm sa chorp. Cuirtear deis ar fáil duit san aonad seo machnamh a dhéanamh ar threoirlínte reatha cothaithe agus sláinte chothaithe daoine aonair agus na riachtanais chothaithe atá acu a fhiosrú i réimse suíomhanna. Foghlaimíonn tú faoi neamhoird a bhaineann le haiste bia amhail oistéapóris, ailse phutóige, diaibéiteas agus stróc agus an tábhacht a bhaineann le hullmhúchán sláinte an bhia.

Sláinte agus Cúram Sóisialta

Teastas Dúbailte

Treoir don Dalta GCE



Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1:	Tuairisc scríofa bunaithe ar an taithí a fuair tú i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 2:	Tuairisc scríofa bunaithe ar chumarsáid i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 3:	Scrúdpháipéar seachtrach 2 uair an chloig	25% de AS 10% den A-leibhéal
AS 4:	Tuairisc scríofa ina bhfuil breac-chuntas ar noirm fhorbartha páiste agus áis eolais don fhoireann atá ag obair i suíomh luathbhlianta	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 5:	Scrúdpháipéar seachtrach 2 uair an chloig	25% de AS 10% den A-leibhéal
AS 6:	Áis eolais ina gcuirtear síos ar thrí theiripe iomlánaíocha agus luacháil ar bhainistiú riocht sláinte trí úsáid cóireálacha míochaine agus teiripí iomlánaíocha, agus tuairisc ar úsáid teiripí iomlánaíocha i suíomh sláinte nó cúram sóisialta	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 7:	Scrúdpháipéar seachtrach 2 uair an chloig	25% de AS 10% den A-leibhéal
A2 1:	Tuairisc taighde ar thopaic sláinte agus cúram sóisialta	7.5% den A-leibhéal
A2 2:	Imscrúdú praiticiúil ar stádas fiseolaíoch daoine aonair agus tuairisc scríofa ar dhiagnóis agus ar chóireáil neamhoird	7.5% den A-leibhéal
A2 3:	Scrúdú seachtrach 2 uair an chloig bunaithe ar ábhar réamheisiúna	15% den A-leibhéal
A2 4:	Tuairisc ar thosaíochtaí feabhais sláinte agus ar chur chun cinn na sláinte agus ar ghníomhaíocht um chur chun cinn na sláinte agus luacháil uirthi	7.5% den A-leibhéal
A2 5:	Athbhreithniú ar athruithe i struchtúir theaghlaigh, cás-staidéar ar theaghlach ina dtugtar breac-chuntas ar riachtanais daoine aonair agus an tacaíocht atá curtha ar fáil agus tuairisc ar theaghlaigh a bhfuil saincheisteanna acu	7.5% den A-leibhéal
A2 6:	Scrúdpháipéar seachtrach 2 uair an chloig	15% den A-leibhéal
A2 7:	Scrúdpháipéar seachtrach 2 uair an chloig	15% den A-leibhéal

Sláinte agus Cúram Sóisialta Teastas Dúbailte Treoir don Dalta GCE

Cad é a thig liom a dhéanamh le cáilíocht i Sláinte agus Cúram Sóisialta?

Foghlaimoidh tú scileanna a bhfuil ardmheas orthu sa bhreisoideachas agus san ardoideachas agus san ionad oibre fosta trí staidéar a dhéanamh ar shláinte agus cúram sóisialta.

Téann cuid mhór daltaí a dhéanann Sláinte agus Cúram Sóisialta GCE ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal le staidéar a dhéanamh ar réimse leathan cúrsaí ar a n-áirítear cúram páistí, altranas, cnáimhseachas, obair shóisialta, teiripe shaothair, teiripe urlabhra, fisiteiripe, teagasc agus gairmeacha beatha den chineál chéanna. Tá réimse leathan cúrsaí ar fáil ag coláistí agus ollscoileanna ar a n-áirítear cúrsaí céime.

Is féidir leat, áfach, an cháilíocht seo a úsáid le fáil isteach ar chúrsa nach mbaineann le sláinte nó cúram sóisialta nó luathbhlianta. Cé gur ábhar feidhmeach é Sláinte agus Cúram Sóisialta GCE, tá na pointí céanna aige agus atá ag na hábhair GCE eile i dtaca le UCAS de.

De rogha air sin is féidir leat fostaíocht a fháil nó oiliúint bhreise a fháil le d'ionchais ghairme a fheabhsú.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Shuíomh Gréasáin CCEA** leis an tacaíocht agus na nuashonrúcháin is úrnua a fháil don ábhar seo.

